

31 Deireadh Fómhair 2019

Aighneacht ó SEALBHÚ, Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge, i dtaca le Struchtúr na Sraithe Sinsearaí agus an Ghaeilge mar chroí-ábhar

An Dr Colin Flynn

An Dr Laoise Ní Thuairisg

An Dr Uáitéar Mac Gearailt

An Dr Gearóidín Uí Laighléis

An tOllamh Ciarán Mac Murchaidh

An tOllamh Pádraig Ó Duibhir

An Dr Bernadette Ní Áingléis

Sinéad Andrews

An tOllamh Máirín Nic Eoin

An Dr Elizabeth Mathews

An Dr Aisling Ní Dhiorbháin

Fáiltimid mar Lárionad Taighde roimh an deis an aighneacht seo a dhéanamh agus cur leis an díospóireacht náisiúnta maidir leis an ábhar lena mbaineann. Táimid i bhfábhar múnla don tSraith Shinsearach a thabharfadh eispéireas leathan oideachasúil do gach uile dhalta, a bheadh bunaithe ar chothromaíocht rochtana agus deiseanna foghlama, a cheadódh roghanna pearsanta agus a mbeadh an ilghnéitheacht eispéiris de dhlúth is d'inneach ann. Tacaímid, dá bhrí sin, leis an leagan amach atá ar chlár reatha na hArdteistiméireachta, clár a bhfuil croí-eilimint shubstaintiúil (Béarla, Gaeilge agus Matamaitic mar chroí-ábhair) chomh maith le heilimint shubstaintiúil roghnach (trí nó ceithre hábhar a roghnaíonn daltaí as roghchlár a shocraíonn an scoil) i gceist ann. Tá na buntáistí seo a leanas ag baint leis an múnla reatha:

- cinntíonn an croí-churaclam cothromaíocht soláthair agus rochtana;
- cuirtear roghanna ar fáil do dhaltaí;
- cothaítear éagsúlacht scileanna foghlama trí raon leathan ábhar agus cur chuige;
- seachnaítear an róspeisialú luath sin a chuirfeadh srian ar dheiseanna oideachais agus gairme fad saoil.

Mar chuid den mhúnla seo, dearbhaímid ionad tábhachtach na Gaeilge sa chroí-churaclam. Ní hamháin go dtacaíonn foghlaim an dara teanga leis an raon iomlán scileanna a bhíonn le forbairt le linn na Sraithe Sinsearaí (*Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Cáipéis*

Comhairliúcháin, 11-12 [ASSCC ina dhiaidh seo]) ach tá ceisteanna breise a bhaineann le cúrsaí féiniúlachta agus saoránachta ar chóir treise a chur leo agus ionad na Gaeilge mar ábhar á phlé mar chuid den athbhreithniú seo. Maidir le dearcadh daltaí faoi ionad na Gaeilge mar chroí-ábhar, is fiú aird ar leith a thabhairt ar an méid a tuairiscíodh i dtuarascáil an ESRI a eisíodh mar chuid den phróiseas comhairliúcháin seo: **a)** gurbh iad foghlaim na filíochta agus an fhoghlaim de ghlanmheabhair na gnéithe ba mhó a shamhlaigh daltaí áirithe le foghlaim na Gaeilge sa tSraith Shinsearach; agus **b)** go bhfáilteoidís roimh chur chuige ina gcuirfí béim ar scileanna labhartha (Banks *et al.* 2018: 48-9). Níor mhór na tuairimí seo a chur taobh le tuairimí eile a nocht daltaí maidir le foghlaim na filíochta Béarla agus tuairimí faoin mBéarla agus faoin Matamaitic mar ábhair nach mbeadh úsáideach dóibh tar éis na scoile (Banks *et al.* 2018: 41, 45, 48). Níor mhór don athbhreithniú seo aird a thabhairt ar an mbéim a leagann an curaclam agus na modhanna measúnaithe mar atá faoi láthair ar ghnéithe áirithe teanga, tuairimí na ndaltaí a chur san áireamh agus an curaclam a leasú le go mbeidh gaol níos soiléire agus níos díri idir cuspóirí an churaclaim agus forbairt agus úsáid scileanna teanga. Maidir le ról na litríochta (a phléitear níos faide ar aghaidh san aighneacht seo) agus gnéithe cultúrtha eile sa churaclam, ba ghá imeacht ón bhfoghlaim de ghlanmheabhair agus béim a leagan ar ghnéithe siollabais agus ar mhodhanna múinte agus measúnaithe a spreagfaidh cruthaitheacht agus rannpháirtíocht ghníomhach i measc na ndaltaí.

Sa chomhthéacs sin, molaimid don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe na pointí seo a leanas, go háirithe, a chur san áireamh:

1. Stádas náisiúnta na Gaeilge agus dearcadh an phobail ina leith

Mar gheall ar a stádas bunreachtúil, ba chóir go mbeadh deis mar bhuncheart saoránachta ag daltaí uile na tíre an Ghaeilge a fhoghlaim. Is é a stádas mar chroí-ábhar a chinnteoidh an ceart sin do chách. Tá tacaíocht an phobail d'ionad na teanga mar chroí-ábhar curaclaim léirithe i dtaighde ar dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge thar na blianta (Ó Riagáin 2012). Sa suirbhé is déanaí a rinne an comhlacht, Kantar Millward Brown, do Chonradh na Gaeilge léiríodh tacaíocht láidir don Ghaeilge mar chroí-ábhar Ardteistiméireachta (64% ar a shon go náisiúnta; 60% san aoisghrúpa 15-24) mar atá le feiceáil i dTábla 1.

Léiríodh sa suirbhé sin, freisin, gur aontaigh 65% den aoisghrúpa 15-24 leis an ráiteas 'Reform is needed in the educational system to ensure that all students finish with a competent level of spoken Irish'. Fianaise láidir é sin go bhfuil tromlach na ndaoine óga ag iarraidh go ndéanfaí múineadh na Gaeilge sna scoileanna a fheabhsú, rud a thugann an deis don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta anois dlús a chur le próiseas feabhsaithe trí tharraingt ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta i bhfoghlaim agus i múineadh teangacha (Harris agus Ó Duibhir 2011). Is cóir díriú go háirithe ar chleachtais i dtíortha ar mór leo an dátheangachas agus an t-ilteangachas agus torthaí tubaisteacha na n-athruithe curaclaim a rinneadh i réimse an oideachais teanga sa Ríocht Aontaithe a sheachaint (British Council Northern Ireland 2019; Tinsley agus Doležal 2018; Wyburd 2013;).

Tábla 1 How strongly do you agree or disagree with the following statement: ‘Irish should remain as a core subject, i.e. that all students study, up to the Leaving Certificate’?

(n=1011)	Total	Age 15-24
Agree (NET)	641 (64%)	78 (60%)
(5) Strongly Agree	305 (31%)	41 (31%)
(4) Slightly Agree	336 (34%)	37 (29%)
(3) Neither agree nor disagree	148 (15%)	16 (12%)
Disagree (NET)	136 (14%)	24 (19%)
(2) Slightly Disagree	79 (8%)	18 (14%)
(1) Strongly Disagree	57 (6%)	6 (5%)
Dont Know\No opinion	75 (8%)	11 (9%)

(Kantar Millward Brown MB# 41300649 - Conradh na Gaeilge, 2019)

2. An ‘deisteangachas’ agus an litearthacht chultúrtha

Coincheap lárnach sa phlé ar oideachas teanga is ea coincheap an ‘deisteangachais’ (plurilingualism) agus níor mhiste gurb é an téarma sin a bheadh á úsáid i rith an phróisis leasaithe seo. Is coincheap é an ‘deisteangachas’ a fhéachann ar inniúlachtaí teanga mar chuid de speictream a chuimsíonn réimse cumais i scileanna éagsúla, i.e. (cluastuiscint, léamhthuiscint, labhairt agus scríobh) (Council of Europe 2001: 4-5). Cé go leagann an pobal agus na daltaí féin an-bhéim ar scileanna i labhairt na teanga agus cé gur chóir go mbeadh forbairt na scileanna sin lárnach in aon churaclam leasaithe, is iondúil gur ar bhealach comhtháite a thagann forbairt ar scileanna foghlaimeora sa dara nó sa tríú teanga. Is é sin le rá, cuidíonn na scileanna litearthachta, agus go háirithe an léireolas ar struchtúr na teanga agus an fhorbairt foclóra a ghabhann léi, leis an bhfoghlaimeoir na scileanna cainte agus cumarsáide cuí a fhorbairt. Tá coincheap an bhreisteangachais an-úsáideach nuair atá torthaí foghlama á scríobh, tascanna teanga á ndearadh, téacsanna oiriúnacha á roghnú agus dul chun cinn daltaí sna scileanna éagsúla á meas. Coincheap rí-thábhachtach eile a bhaineann le hoideachas teanga ach nach bhfuil luaite san athbhreithniú is ea coincheap na litearthachta chultúrtha. Is coincheap é sin a chuimsíonn tuiscint ar an tírdhreach teanga agus ar an timpeallacht chultúrtha, idir fhisiciúil agus daonna, chomh maith le tuiscint ar an éagsúlacht agus ar an ilghnéitheacht chultúrtha. Gné lárnach den litearthacht chultúrtha sa tír seo is ea an Ghaeilge, a cuid litríochta agus na traidisiúin uile a bhaineann léi. I gcomhthéacs an athbhreithnithe seo, is féidir breathnú uirthi mar acmhainn a chothaíonn an fheasacht chultúrtha agus a chuireann go suntasach leis an tuiscint agus leis an gcumarsáid idirchultúrtha.

3. An comhthéacs idirnáisiúnta

Níor mhór an diminsean idirnáisiúnta a chur san áireamh agus an curaclam Gaeilge á leasú sa chaoi go dtuigfidh daltaí gur acmhainn chultúrtha í an Ghaeilge, ní hamháin i gcomhthéacs na hÉireann (idir phobal agus chultúr) ach sa chomhthéacs domhanda, freisin. Is gné lárnach den Léann Éireannach agus den Léann Ceilteach go hidirnáisiúnta teanga, litríocht agus cultúr na Gaeilge, agus tá an teanga á foghlaim ag daoine i dtíortha ar fud an domhain. Agus aos óg na hÉireann agus an domhain trí chéile ag cur spéise i mórcheisteanna éiceolaíochta agus inbhuanaitheachta san am i láthair, d'fhéadfadh na gnéithe sochtheangeolaíochta agus éictheangeolaíochta a bhaineann le cás na Gaeilge mar ghné dár n-oidhreacht dhomhanda a bheith mar chuid dhlúth den ábhar féin ag leibhéal na hArdteistiméireachta. Bhí tuiscintí den chineál sin ar chúl an ráitis ó dhuine de na daltaí a ghlac páirt sna fócasghrúpaí: 'It's about keeping the language alive. I know it's our native language. It should be more speaking the language – getting to know verbs, tenses all that ...' (Banks *et al.* 48-9).

4. Ról na litríochta i Sonrúchán na Gaeilge

Cuimsítear raon leathan scileanna tábhachtacha agus scoláirí i mbun staidéir ar ábhair na hArdteistiméireachta. Tagraítear sa Cháipéis Comhairliúcháin faoin tSraith Shinsearach, mar shampla, do nithe amhail 'ceistiú ardoird; smaointeoireacht chriticiúil agus anailísiú; réiteach fadhbanna agus próiseáil fadhbanna (*recte* eolais); foghlaim neamhspleách agus chomhoibríoch; cruthaitheacht agus nuálaíocht' mar aon le 'scileanna i réimsí an taighde, na scríbhneoireachta, na cumarsáide, an chur i láthair agus na dteicneolaíochtaí digiteacha'. (ASSCC, 11) Tá scileanna cumarsáide den chineál sin fíorthábhachtach maidir leis na hábhair uile ach baineann siad leis an bhfoghlaim teangacha, go háirithe.

Meastar gur cheart go mbeadh scoláirí atá i mbun na Gaeilge ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí bheith ábalta déileáil le téacsanna de chineálacha éagsúla. Croíscil is ea an léitheoireacht féin a gcuimsítear inti raon scileanna eile amhail an tuiscint, forbairt foclóra, láimhseáil smaointe mar aon le heolas cultúrtha, ilchultúrtha agus liteartha a shaothrú (ASSCC, 15). Is cuid thábhachtach d'eispéireas foghlama na Gaeilge go mbeadh cur amach ag scoláirí ar roinnt údar clasaiceach na Gaeilge de chuid an fichiú haois agus ar mar aon le roinnt údar comhaimseartha freisin. Tá raon saothar cruthaitheach ar fáil faoi láthair ar bhealach níos forleithne ná riamh a bhaineann le taithí saoil na scoláirí agus a théann i ngleic le ceisteanna móra na linne. Cabhraíonn an plé ar nithe den sórt sin go cliathánach le scoláirí maidir lena dtaithí agus lena scileanna saoil, leis an bhfolláine agus lena bhforbairt phearsanta iomlánaíoch, rud a bhfuil tábhacht ar leith léi, de réir na Cáipéise Comhairliúcháin (ASSCC, 5). D'fhéadfaí téacsanna den saghas sin a úsáid mar ábhar spreagtha plé ar nithe atá gaolmhar leo siúd in aon chuid de chlár na Sraithe Sinsearaí trí chéile.

Tá an litearthacht dhigiteach lárnach i múineadh agus i bhfoghlaim teangacha agus d'fhéadfaí cur léi ar shlí an-luachmhar i gcuraclam na Gaeilge sa tSraith Shinsearach nó is léir go bhfuiltear i bhfách leis an teicneolaíocht dhigiteach a leabú trasna na Sraithe Sinsearaí trí chéile (ASSCC, 16). Tá an-bhláthú go deo ar líon na dtéacsanna éagsúla agus an ábhair

léitheoireachta ar ardchaighdeán atá ar fáil anois trí mheán na Gaeilge. Tá go leor den ábhar seo ar fáil ar líne anois agus ábhar dílis is ea an chuid is mó de sin, a bhféadfaí tarraingt air go héifeachtach mar ábhar teagaisc, léitheoireachta agus plé coitianta i réimse na foghlama teanga (ASSCC, 12). Rachadh ceachtanna atá bunaithe ar aimsiú agus úsáid ábhar digiteach Gaeilge chun sochair fhorbairt scileanna litearthacht dhigiteach na ndaltaí.

Ní fhéadfaí a chur i leith cur chuige den chineál sin thuas, dar linn, nach mbeadh sé ag teacht leis na moltaí atá le fáil i míreanna éagsúla sa Cháipéis Comhairliúcháin faoin tábhacht a bhaineann le taithí scoláirí ar an oideachas sa tSraith Shinsearach a bheith dearfach, iomlánaíoch agus tairbheach (ASSCC, 5, 7, 8, 11).

5. An Ghaeilge mar chroí-ábhar éigeantach

Tá go leor tuairimí éagsúla ann maidir leis an nGaeilge a bheith ina croí-ábhar éigeantach. Agus muid ag tarraingt ar an taithí idirnáisiúnta, is dóigh linn go láidir gur ghá go bhfanadh an Ghaeilge ina croí-ábhar le go mbainfeadh tromlach na ndaltaí cumas réasúnta amach inti. Is é an toradh a bhí ar a leithéid i Sasana nuair a baineadh stádas éigeantach de staidéar teangacha iasachta ag leibhéal an GCSE (aois 16) sa bhliain 2004 gur tháinig titim thubaisteach ar líon na ndaltaí a bhí ag gabháil don staidéar ar theanga iasachta. Feictear i dTábla 2 an titim thubaisteach a tháinig ar líon na ndaltaí a bhí i mbun staidéir ar theanga iasachta ó lár na 1990aidí i leith. Tugtar faoi deara go raibh titim shubstaintiúil ó 67.9% sa bhliain 2003/04 go 40.1% sa bhliain 2010/11, cé gur tháinig ardú go 47.7% air sa bhliain 2014/15. Tá titim 19% ar líon na ndaltaí a rinne staidéar ar theanga iasachta ó shin i leith (Tinsley, 2019). Sin é an léargas is soiléire atá le fáil ar an rud is dóchúla a tharlódh dá mbainfí stádas éigeantach den Ghaeilge sa tSraith Shinsearach. Anuas air sin, tharla an titim is mó sna scoileanna ina bhfuil daltaí ag baint leasa as Béilte Scoile Saora (Free School Meals, FSM) atá ina léiriú an-chruinn gur as cúlraí socheacnamaíocha ísle daltaí na scoileanna sin.

Má scrúdaítear na figiúirí i dTábla 3 a thagraíonn do líon na ndaltaí ag aois 18-19 mbliana i Sasana a dhéanann staidéar ar theangacha iasachta don A-Leibhéal – atá thart faoin aois chéanna le daltaí na hArdteistiméireachta in Éirinn – feictear gur 3.7% de na daltaí sin a rinne staidéar ar theanga iasachta sa bhliain 2015. Tá titim *leanúnach* ar na figiúirí ó shin i leith (Tinsley 2019). Mar a mhaígh an British Academy, ‘Monolingualism is the illiteracy of the 21st century’ (Tinsley 2019: 3). Dá ndéanfaí rogha na n-ábhar ag leibhéal na hArdteistiméireachta a chúngú, bheadh an baol ann go dtiocfadh an iarmhairt chéanna i gceist ar an staidéar ar an nGaeilge agus ar theangacha i gcoitinne in Éirinn.

Tábla 2

GCSE entries in modern foreign languages, all schools in England

	Thousands				% of pupils in GCSE cohort			
	French	German	Spanish	Any	French	German	Spanish	Any
1995/96	281	115	29	439	47.2%	19.4%	4.8%	74.0%
1996/97	306	128	34	486	52.2%	21.7%	5.9%	82.8%
1997/98	307	127	39	492	53.4%	22.1%	6.7%	85.5%
1998/99	311	130	40	455	53.6%	22.3%	6.8%	78.4%
1999/00	313	127	42	459	54.0%	22.0%	7.3%	79.1%
2000/01	321	131	46	473	53.2%	21.6%	7.6%	78.5%
2001/02	312	125	48	462	51.4%	20.6%	8.0%	76.1%
2002/03	305	121	51	454	48.9%	19.4%	8.2%	73.0%
2003/04	290	116	54	437	45.0%	18.1%	8.3%	67.9%
2004/05	245	99	52	375	38.5%	15.6%	8.2%	59.0%
2005/06	210	85	52	327	32.3%	13.1%	8.0%	50.4%
2006/07	190	76	54	302	29.0%	11.6%	8.2%	46.0%
2007/08	176	71	57	289	27.0%	10.9%	8.7%	44.2%
2008/09	167	68	57	279	26.4%	10.8%	9.0%	43.9%
2009/10	161	66	58	273	25.1%	10.3%	9.1%	42.7%
2010/11	142	58	59	251	22.6%	9.3%	9.4%	40.1%
2011/12	136	55	63	249	21.8%	8.8%	10.2%	40.1%
2012/13	162	60	83	302	25.6%	9.5%	13.1%	47.7%
2013/14	161	58	87	304	26.0%	9.4%	14.1%	49.1%
2014/15	151	53	85	291	24.7%	8.6%	13.9%	47.7%

Source: Revised GCSE and equivalent results in England: 2014 to 2015, and earlier, DfE

(Long & Bolton 2016: 24)

Tábla 3.

A level entries of 16-18 year olds in modern foreign languages in all schools and colleges in England

	French	German	Spanish	Other	All	as a % of
						all entries
1996	22,718	9,306	4,095	3,435	39,554	6.4%
1997	21,364	8,984	4,328	3,473	38,149	5.8%
1998	19,629	8,903	4,499	3,457	36,488	5.4%
1999	17,774	8,527	4,640	3,499	34,440	5.1%
2000	15,240	7,581	4,516	3,660	30,997	4.6%
2001	15,393	7,607	4,501	3,409	30,910	4.5%
2002	13,599	6,367	4,430	3,860	28,256	4.4%
2003	12,904	6,068	4,504	3,999	27,475	4.1%
2004	12,480	5,643	4,650	4,279	27,052	4.0%
2005	11,963	5,238	4,930	4,534	26,665	3.9%
2006	12,190	5,534	5,202	5,084	28,010	3.9%
2007	12,152	5,615	5,491	5,119	28,377	3.9%
2008	12,605	5,560	5,728	5,530	29,423	4.0%
2009	12,231	5,119	6,089	6,090	29,529	3.9%
2010	12,324	5,055	6,564	5,912	29,855	3.8%
2011	11,490	4,554	6,398	6,799	29,241	3.7%
2012	10,871	4,208	6,198	7,099	28,376	3.6%
2013	9,878	3,774	6,516	7,084	27,252	3.5%
2014	9,078	3,716	6,617	7,066	26,477	3.6%
2015	8,991	3,624	7,607	7,510	27,732	3.7%

Source: GCE/Applied GCE A/AS and Equivalent Examination Results in England, 2014/15 (Revised), and earlier, DfE

(Long & Bolton 2016: 24)

6. Riachtanais foghlama daltaí T1 agus T2

Tugtar aitheantas do na riachtanais foghlama teanga éagsúla atá ag daltaí bunscoile agus daltaí na Sraithe Sóisearaí sna curaclaim agus sonrúcháin atá ar fáil dóibh. Tá an cur chuige sin ag teacht le moladh Little (2003) don CNCM go mbeadh siollabas ar leith ann do comhthéacsanna T1 agus T2. Bíonn cainteoirí dúchais Gaeilge i scoileanna Gaeltachta agus Gaelcholáistí. Ní mór deis a thabhairt do na daltaí sin forbairt iomlán a dhéanamh ar a gcuid scoileanna ina gcéad teanga agus teastaíonn sonrúchán dúshlánach chuige sin. Bíonn na daltaí uilig sna scoileanna úd i mbun staidéir ar ábhair uile an churaclaim trí mheán na Gaeilge. Teastaíonn ardscoileanna teanga agus litearthachta chun a leithéid a dhéanamh go sásúil agus ba cheart go mbeadh sonrúchán Gaeilge ann a thacódh leis sin. Ar an ábhar sin, molaimid go láidir go mbeadh dhá shonrúchán sa tSraith Shinsearach. Ní dhéanfaidh formhór na ndaltaí staidéar ar shonrúchán Gaeilge níos dúshlánaí mura bhfuil luach saothair ann dóibh. D'fhéadfaí luach saothair a chur ar fáil trí phointí breise a bhronnadh mar a dhéantar sa mhatamaitic nó dhá ábhar a dhéanamh den Ghaeilge áit a mbeadh níos mó ábhar litríochta agus stair na teanga sa sonrúchán T1.

7. An córas measúnaithe

Mar chuid den dearadh ar shonrúcháin nua, ní mór na scrúduithe Ardteistiméireachta a leasú agus a chur in oiriúint don chur chuige teagaisc is éifeachtaí teagaisc ba mhaith linn a fheiceáil á chur i bhfeidhm sa seomra ranga. Tá ról lárnach ag an gcuimhne i sealbhú teanga ach tá an iomarca béime ar fhoghlaim de ghlanmheabhair mar ullmhúchán do na scrúduithe reatha (Nic Eoin 2017; Ó Curraoin 2017). Bíonn iarmhairt cur siar (*washback effect*) le sonrú i gcónaí i gcás trialacha a bhfuil luach ard ag roinnt leo (*high-stakes tests*) (Tsagari & Cheng 2017). Tá fianaise den fheiniméan sin sna tuarascálacha taighde a choimisiúnaigh an CNCM, *Tionchar na leasuithe ar Bhéaltríail na Gaeilge ag leibhéal na hArdteistiméireachta* (Nic Eoin 2017) agus *Tionchar na leasuithe ar Bhéaltríail na Gaeilge ag leibhéal na hArdteistiméireachta*. (Ó Curraoin 2017). Chíor Ó Laoire (2017) na céimeanna ba ghá a ghlacadh leis na laigí sna scrúduithe reatha a leigheas. Tugtar suntas dó go bhfuil na moltaí sin ag teacht le mianta na ndaltaí sin atá bréan den fhoghlaim de ghlanmheabhair (Banks *et al.* 2018: 48-9).

Ba chóir na sonrúcháin nua agus an córas measúnaithe a nascadh le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (Common European Framework of Reference for Languages: CEFR) (Council of Europe, 2018). Sa tslí sin bheadh tuairim ní b'fhearr ag daltaí agus iad ag fágáil na scoile ar an dul chun cinn a bheadh déanta acu maidir lena gcumas i bhfoghlaim na Gaeilge agus na chéad chéimeanna eile ar a gconair foghlama.

Conclúid

Is iad na gnéithe seo a leanas de struchtúr reatha chlár na Sraithe Sinsearaí is mó a fheidhmíonn ar son eispéiris foghlama éifeachtach a bheith ag na ndaltaí: croí-churaclam ina ndeimhnítear cothromaíocht soláthair agus rochtana, ina gcuirtear roghanna éagsúla ar fáil do dhaltaí, ina gcothaítear éagsúlacht scileanna foghlama trí raon leathan ábhar agus cur chuige agus ina seachnaítear an róspeisialú luath sin a shéanann deiseanna oideachais áirithe ar dhaltaí, rud a fheictear i gcórais oideachais eile ag an leibhéal sin. Cinntíonn a leithéid de rogha ábhar go mbíonn an fhaill ag daltaí na Sraithe Sinsearaí meascán ábhar a roghnú de réir a gcuid spéiseanna acadúla agus a gcumais phearsanta féin. Fágann sé, freisin, nach gcúngaítear go róluath conairí gairme na ndaltaí. De bhreis air sin arís, cinntítear go mbíonn an deis ag daltaí leanúint lena gcuid staidéir ar theangacha, gné den fhoghlaim agus den fhorbairt chognaíoch a bhfuil tábhacht ar leith léi mar atá léirithe againn san aighneacht seo. Tá sé an-tábhachtach nach séanfar an deis ar mhic léinn eolas a chur ar theanga, ar litríocht agus ar chultúr na hÉireann, ach an oiread, agus tá ról lárnach ag an nGaeilge féin mar chroí-ábhar éigeantach sa tSraith Shinsearach, dá bharr sin. Molaimid go láidir go dtabharfar an t-aitheantas cuí don taighde uile atá déanta ag scoláirí ar chinntí a glacadh i gcórais oideachais i dtíortha eile (an Ríocht Aontaithe, go háirithe) ar eascair iarmhairtí tromchúiseacha astu. Ar deireadh thiar, níl uainn ach go gcosnófar na cearta foghlama agus go gcothófar na deiseanna oideachais is fearr is féidir a chur ar fáil dár gcuid daltaí ar mhaithe le conair a saoil féin.

Tagairtí

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta [CNCM ina dhiaidh seo]. (2019) *Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Cáipéis Comhairliúcháin (ASSCC)* (Baile Átha Cliath: CNCM).

Banks, Joanne, McCoy, Selina and Smyth, Emer. (2018) *Senior Cycle Review: Analysis of discussions in schools on the purpose of senior cycle education in Ireland* (Dublin: ESRI Working Paper 607).

British Council Northern Ireland. (2019) *Language Trends Northern Ireland 2019: Findings from a survey of primary and post-primary schools* (British Council: London). Le rochtain ag: https://nireland.britishcouncil.org/sites/default/files/language_trends_final_web_version.pdf.

Conradh na Gaeilge. (2019) *Kantar Millward Brown Survey* (Baile Átha Cliath: Kantar Millward Brown/ Conradh na Gaeilge).

Council of Europe. (2001) *Common European Framework of Reference for Languages: Learning, teaching assessment* (Cambridge: Cambridge University Press).

Council of Europe. (2018) *Common European Framework of reference for languages: Learning, teaching, assessment: Companion volume with new descriptors*. Le rochtain ag: <https://rm.coe.int/cefr-companion-volume-with-new-descriptors-2018/1680787989>.

Harris, John agus Ó Duibhir, Pádraig. (2011) *Múineadh éifeachtach teangacha: Sintéis ar thaighde* (Baile Átha Cliath: CNCM).

Little, David. (2003) *Languages in the Post-Primary Curriculum* (Baile Átha Cliath: CNCM).

Long, Robert agus Bolton, Paul. (2016) *Language teaching in schools (England): Briefing Paper Number 07388, 10 June 2016*. Le rochtain ag <http://researchbriefings.files.parliament.uk/documents/CBP-7388/CBP-7388.pdf>.

Nic Eoin, Carmel. (2017) *Léargas ar thaithí, ar dhearccháin agus ar pheirspictíochtaí múinteoirí agus scoláirí i leith na leasuithe a cuireadh i bhfeidhm i 2012 ar Bhéaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta* (Baile Átha Cliath: CNCM) https://www.ncca.ie/media/3942/2012-oral-examination-insights-report_irish-final.pdf

Ó Curraoin, Máirtín. (2017) *Tionchar na leasuithe ar Bhéaltriail na Gaeilge ag leibhéal na hArdteistiméireachta* (Baile Átha Cliath: CNCM) https://www.ncca.ie/media/3940/final-ncca-research-project-gaeilge-10-may_2017.pdf

Ó Laoire, Muiris. (2017) *Ceisteanna faoi theagasc agus mheasúnú na Gaeilge sa tSraith Shinsearach: Plécháipéis freagartha do dhá thuarascáil taighde de chuid an CNCM* (Baile Átha Cliath: CNCM).

Ó Riagáin, Pádraig. (2012) 'Teanga, féiniúlacht agus dearcadh náisiúnta'. In T. Ó hIfeárnáin agus M. Ní Neachtain (Eag.), *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc* (pp. 111-128). (Baile Átha Cliath: Cois Life).

Tinsley, Teresa. (2019) *Language Trends 2019: Language teaching in primary and secondary schools in England – Survey Report* (London: British Council). Le rochtain ag: <https://www.britishcouncil.org/research-policy-insight/research-reports/language-trends-2018>.

Tinsley, Teresa and Doležal, Neela. (2018) *Language Trends 2018: Language teaching in primary and secondary schools in England – Survey Report* (London: British Council). Le rochtain ag: <https://www.britishcouncil.org/research-policy-insight/research-reports/language-trends-2018>.

Tsagari Dina and Cheng Liying. (2017) 'Washback, Impact, and Consequences Revisited'. In Shohamy E., Or I., May S. (eds) *Language Testing and Assessment*. Encyclopaedia of Language and Education (3rd ed.). Springer, Cham, Switzerland.

Wyburd, Jocelyn. (2013) 'The national context: implications of policy developments on student engagement with languages in HE' (Cambridge: Cambridge University). Le rochtain ag: <https://innoconference.files.wordpress.com/2013/07/manchester-conference-jocelyn.pdf>.